# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH – GNÁTHLEIBHÉAL

An Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 12 MEITHEAMH — TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:
2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.
3. CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI GACH CEANN DE NA 4 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO.

***Don Fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| Marc ar an bPáipéar | |
| Bónas as freagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc ar an Dialann | |
| Móriomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Móriomlán ar na ceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |

Nóta: Ní mór don mharc i sraith 3 thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc ar an bPáipéar' thall.



THALL →

## ROINN 1

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.
SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN**. **(Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist)**

**1.** Is sampla é An Bonn ar Iarraidh de pharabal a d'inis Íosa. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**2.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'síocháin' ná ______________________________

______________________________________________________________________

**3.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint ag an ainm 'Allah' leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐

**4.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'caoinfhulaingt' ná ________________________

______________________________________________________________________

**5.** Léigh liosta na searmanas reiligiúnach agus liosta na reiligiún domhanda thíos. Mar shampla duit rinneadh searmanas reiligiúnach amháin a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige leis. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Searmanais Reiligiúnacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Aqiqah/Aqiqa | An Búdachas |
| Bar Mitsveá | An Chríostaíocht |
| Patti Dana | An Hiondúchas |
| Snáth Beannaithe | An tIoslamachas |
| Turas na Croise | An Giúdachas |

| | *Searmanas Reiligiúnach* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|---|
| *Sampla:* | *Turas na Croise* | *An Chríostaíocht* |
| *Freagra:* | | |

**6.** Is é atá i gceist le comhoibriú ná oibriú le chéile chun comhsprioc a bhaint amach. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**7.** Ba ghrúpa reiligiúnach iad na Fairisínigh a bhí sa Phalaistín le linn aimsir Íosa.
Ainmnigh grúpa reiligiúnach **eile** a bhí sa Phalaistín le linn aimsir Íosa. __________________

**8.** Is rud reiligiúnach é 'róba cróch' a bhfuil an bhaint is mó aige leis an Ioslamachas. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**9.** Is é a chiallaíonn an téarma 'ildiachas' ná ________________________________________

______________________________________________________________________

**10.** Ainm is ea Ireachó (Jericho) ar áit a bhí sa Phalaistín le linn aimsir Íosa. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**11.** Léigh liosta na suíomhanna agus liosta na reiligiún domhanda thíos. Mar shampla duit rinneadh suíomh amháin a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige leis. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Suíomhanna* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| An Araib | An Búdachas |
| Canán | An Chríostaíocht |
| An Talamh Naofa | An Hiondúchas |
| Gleann na hIondúise | An tIoslamachas |
| Neipeal | An Giúdachas |

| | *Suíomh* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|---|
| *Sampla:* | *An Talamh Naofa* | *An Chríostaíocht* |
| *Freagra:* | | |

**12.** Is áit oilithreachta reiligiúnaí é Cnoc Mhuire in Éirinn sa lá atá inniu ann. Ainmnigh áit oilithreachta reiligiúnaí **eile** in Éirinn sa lá atá inniu ann. ______________________________

**13.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint ag an ainm 'Bráman' leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐

**14.** Sa traidisiún Críostaí sampla de shacraimint is ea ____________________________________

______________________________________________________________________________

**15.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint ag 'mata urnaí' leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN BÚDACHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

**16.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é atá i gceist le 'athmhuintearas' ná ________________________

______________________________________________________________________________

**17.** Cabhraíonn coinsias duine leis/léi cinneadh a dhéanamh maidir lena bhfuil ceart nó mícheart i gcás áirithe. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**18.** Ainm fáidh a bhfuil baint aige le mór-reiligiún domhanda is ea Íseáia (Isaiah). Ainmnigh fáidh **eile** a bhfuil baint aige le mór-reiligiún domhanda. ______________________

**19.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint ag na téacsanna diaga, na 'Véidí', leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

**20.** I bpobal creidimh is é a chiallaíonn 'misean' ná ______________________________________

______________________________________________________________________________

## ROINN 2

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA A GHABHANN LEO. **(Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1.** **Tá an pictiúr seo bunaithe ar chuntas Soiscéil d'Íosa agus an Suipéar Déanach á cheiliúradh aige.**



*(Foinse: www.theliterates.ca)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an bpictiúr a thugann le tuiscint go bhfuil sé bunaithe ar Íosa agus an Suipéar Déanach á cheiliúradh aige.

______________________________________________

______________________________________________

(6 mharc)

**B.** De réir na Soiscéal cé acu **duine** de na daoine seo a leanas a bhí i láthair ag an Suipéar Déanach le hÍosa? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

PÓL ☐ PEADAR ☐ PRISCILLE ☐ (6 mharc)

**C.** Luaigh cúis **amháin** ar cheiliúir Íosa an Suipéar Déanach.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(8 marc)

**Ceist 2.** **Is grianghraf é seo de dhuine ar ceannaire reiligiúnach é.**



*(Foinse http://news.yahoo.com)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an ngrianghraf a thugann le tuiscint gur ceannaire reiligiúnach é an duine seo.

______________________________________________

______________________________________________

(6 mharc)

**B.** An Pápa Proinsias is ainm do cheannaire reiligiúnach a bhfuil baint aige le shainchreideamh Críostaí.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐ (6 mharc)

**C.** Luaigh cúis **amháin** a mbeadh baint ag an téarma 'údarás' leis an ról atá ag ceannaire i bpobal creidimh.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(8 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

\+ =

**Ceist 3.** **Seo pictiúr ó chlúdach leabhair scoile reiligiúnaigh.**




*(Foinse curtha in oiriúint ó http://dailyenglish11.blogspot.ie)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an bpictiúr seo a thugann le tuiscint gur faoin moráltacht an leabhar seo.

(6 mharc)

**B.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'moráltacht' ná tuiscint duine ar cheart agus ar mhícheart. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐ (6 mharc)

**C.** Luaigh bealach **amháin** ina bhféadfadh an reiligiún tionchar a imirt ar an tuiscint atá ag duine ar cad a chiallaíonn sé a bheith morálta.

(8 marc)

**Ceist 4.** **Seo pictiúr de chárta urnaí do pháiste.**

*A aingil uasail,*
*a aingil Dé,*
*cabhraigh liom*
*ar feadh an lae;*
*bí le m'ais*
*go síoraí dlúth*
*ná lig don diabhal*
*mé a chur amú.*

*(Foinse curtha in oiriúint ó www.beliefnet.com)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an bpictiúr seo a thugann le tuiscint gur urnaí achainí í seo.

(6 mharc)

**B.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil baint ag an Seama (Shema) leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN BÚDACHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

(6 mharc)

**C.** Luaigh rud **amháin** a léiríonn urnaí achainí faoin gcreideamh atá ag duine i nDia.

(8 marc)

## ROINN 3

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

LÉIGH AN COMHRÁ FÓIN SEO A LEANAS GO CÚRAMACH AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA GO LÉIR INA DHIAIDH:

**Teachtaireacht: Alex, Ali ..................................** **Glao**

Fáilte abhaile, Ali. Tá súil agam gur bhain tú taitneamh as an turas go Meice. Alex ☺

Bhain, Alex, bhí sé go hiontach. Chuaigh mé chuig a lán áiteanna éagsúla agus chas mé le daoine ó gach áit ar domhan. Bhí an-turas agam ach táim sásta bheith sa bhaile.

Abair liom — An raibh sé mar a cheap tú a bheadh sé?

Bhí, go cinnte, Alex! Bhí na sluaite ann mar a fheicfidh tú sa ghrianghraf seo. Nuair a shroich mé an áit, tar éis ionladh deasghnách a dhéanamh, chuir mé orm mo róbaí bána agus d'imigh mé le Daid chuig clós an Mhosc Mhóir. Shiúlamar seacht n-uaire timpeall an fhoirgnimh, a rá paidreacha agus an Chloch Dhubh naofa á cuimilt againn. Ansin shiúlamar go dtí na cnoic. Dhreapamar gach cnoc seacht n-uaire sular stopamar le huisce a ól ó thobar, ag cuimhneamh ar bhean Abrahám agus í ag cuardach uisce sna cnoic seo.



*(Foinse:www.ibtimes.co.uk )*

Caithfidh go raibh tú traochta tar éis na siúlóide go léir!

Bhí an méid sin le déanamh agus le feiceáil nach raibh tuirse orm ar chor ar bith. Chaith Daid agus mé féin an oíche inár gcodladh i bpuball. An mhaidin dár gcionn bhailíomar le chéile leis na hoilithrigh eile ag meán lae agus chaitheamar an lá ag urnaí agus ag éisteacht le seanmóirí. An tráthnóna sin thosaigh Daid agus mé féin ag bailiú cloichíní agus sinn ag taisteal ar ais i dtreo Mheice. An lá dár gcionn chaitheamar cloichíní in aghaidh 'Trí Cholún Shátan' le léiriú go ndiúltaímid don olc agus gur mian linn toil Dé a dhéanamh. Níos déanaí chonaic mé daoine ag comóradh dheireadh na hoilithreachta trí ainmhithe a íobairt díreach mar a rinne Abrahám.

Ar mhaith leat dul go dtí Meice arís?

Ba mhaith. Ba eispéireas é nach ndéanfaidh mé dearmad air go deo.

**1.** Déan cur síos ar bhealach **amháin** inar féidir creideamh reiligiúnach a fheiceáil sa chomhrá thuas.

(12 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

**2.** MACHNAMH ☐ TRAIDISIÚN ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh seo thuas agus mínigh conas is féidir é a fheiceáil sa chomhrá.

(12 mharc)

**3.** *Sampla de ghníomhaíocht shiombalach a dhéanann baill de reiligiún domhanda lena gcreideamh a léiriú is ea dul ar oilithreacht.* Déan cur síos ar a bhfuil i gceist i ngníomhaíocht shiombalach **eile** a dhéanann baill de mhór-reiligiún domhanda lena gcreideamh a léiriú.

(18 marc)

**4.** Mínigh **dhá** chúis a ndéanann baill de mhór-reiligiún domhanda gníomhaíochtaí siombalacha chun a gcreideamh a léiriú.

i.

ii.

(18 marc)

## ROINN 4

(200 marc)

BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.

FREAGAIR **CÚIG** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** a. Ainm atá ar shainchreideamh Críostaí atá le fáil in Éirinn sa lá atá inniu ann is ea —

______________________________

(8 marc)

b. Déan cur síos ar shampla **amháin** den chaoi ina dtaispeánann na baill den sainchreideamh Críostaí atá ainmnithe agat thuas a dtiomantas reiligiúnach.

______________________________

(12 mharc)

**B.** a. Is sampla iad na hAgaistínigh d'ord rialta atá le fáil in Éirinn sa lá ata inniu ann.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí) FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

(8 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

b. ORD RIALTA ☐ EAGRAÍOCHT REILIGIÚNACH ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh seo thuas agus tabhair breac-chuntas ar shampla den chaoi a bhfuil a b(h)aill ag déileáil le dúshlán atá roimhe/roimpi in Éirinn sa lá atá inniu ann.

(12 mharc)

**Ceist 2.** BUNÚS AN REILIGIÚIN — AN CHRÍOSTAÍOCHT

**A.** a. Sampla amháin de mhíorúilt a rinne Íosa ná 'fíon a dhéanamh den uisce'.

Ainmnigh sampla **eile** de mhíorúilt a rinne Íosa. ____________________

(8 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar ar tharla i míorúilt **amháin** a rinne Íosa.

(10 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

**B.** a. Tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** dá raibh na Giúdaigh ag súil leis ón Meisias le linn aimsir Íosa.

(10 marc)

b. SOISCÉAL EOIN ☐ SOISCÉAL LÚCÁIS ☐ SOISCÉAL MHARCAIS ☐ SOISCÉAL MHATHA ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na Soiscéil thuas agus déan cur síos ar a raibh i gceist le dhá chéim éagsúla dá fhorbairt.

i.

ii.

(12 mharc)

**Ceist 3.** **BUNÚS AN REILIGIÚIN — NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA**

**A.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a bhfuil staidéar déanta agat air:

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

a. Ainmnigh bunaitheoir/lucht leanúna tosaigh an reiligiúin dhomhanda ar chuir tú tic leis thuas.

________________________________________

(8 marc)

b. Déan cur síos ar shampla den chaoi a léirigh bunaitheoir/ lucht leanúna tosaigh an reiligiúin dhomhanda ar chuir tú tic leis i *gcuid A* thuas an iontaoibh a bhí aige/acu i nDia/sna déithe/sa ghné dhiaga.

(12 mharc)

**B.** a. Léigh liosta na bhféilte reiligiúnacha agus liosta na reiligiún domhanda thíos.
Meaitseáil féile reiligiúnach **amháin** leis an reiligiún domhanda is mó lena mbaineann sé.

| *Féilte Reiligiúnacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Díbheálaí | An Búdachas |
| Eid ul Adha | An Hiondúchas |
| Hanukkah | An tIoslamachas |
| Wesak/Vesak | An Giúdachas |

| | *Féile Reiligiúnach* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|---|
| *Freagra:* | | |

(8 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| | + | = |
|---|---|---|

b. ◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS

Mínigh **dhá** chúis a mbaineann tábhacht reiligiúnach le féile do bhaill de cheann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas. FÉILE REILIGIÚNACH: ___________________

i. ______________________________________________

ii. ______________________________________________

(12 mharc)

## Ceist 4. CEIST AN CHREIDIMH

**A.** a. Cé acu ceann díobh seo a leanas a thugann freagraí neamhreiligiúnacha ar cheisteanna faoi bhrí na beatha? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN DAONNACHAS ☐ AN tAONDIACHAS ☐ (8 marc)

b. CAIRDE ☐ TEAGHLACH ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh seo thuas agus mínigh conas a d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar chleachtadh reiligiúnach an duine.

______________________________________________

(10 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

**B.** a. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach inar athraigh an cleachtadh reiligiúnach in Éirinn le céad bliain anuas.

i.

ii.

(10 marc)

b. Mínigh **dhá** chúis ar athraigh an cleachtadh reiligiúnach in Éirinn le céad bliain anuas.

i.

ii.

(12 mharc)

**Ceist 5.** **CEILIÚRADH AN CHREIDIMH**

**A.** a. Léigh liosta na bhfoirgneamh reiligiúnach agus liosta na reiligiún domhanda thíos. Meaitseáil foirgneamh reiligiúnach **amháin** leis an reiligiún domhanda is mó lena mbaineann sé.

| *Foirgnimh Reiligiúnacha* |
|---|
| Ard-Eaglais |
| Mandir |
| Miontúr |
| Sionagóg |
| Teampall |

| *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|
| An Búdachas |
| An Chríostaíocht |
| An Hiondúchas |
| An tIoslamachas |
| An Giúdachas |

*Freagra:*

| *Foirgneamh Domhanda* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|
| | |

(8 marc)

b. Déan cur síos ar na príomhghnéithe a bhfuil baint aige le ceann **amháin** d'fhoirgneamh reiligiúnach atá liostaithe i *gcuid Aa)* thuas.

________________
(FOIRGNEAMH DOMHANDA)

(10 marc)

**B.** a. Tabhair breac-chuntas ar bhealach **amháin** ina bhféadfadh an foirgneamh reiligiúnach a bhfuil cur síos déanta agat air thuas cuidiú le creidmhigh adhradh a dhéanamh.

(10 marc)



Don Scrúdaitheoir amháin

| + | = |
|---|---|

b. Mínigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach a bheith rannpháirteach san adhradh do na baill de mhór-reiligiún domhanda sa lá ata inniu ann.

i. ______________________________

ii. ______________________________

(12 mharc)

## Ceist 6. DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA

**A.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'maithiúnas' ná ______________________________

(8 marc)

b. Déan cur síos ar **dhá** shampla den chaoi a spreagann an teagasc de mhór-reiligiún domhanda a bhaill le maithiúnas a léiriú.

i. ______________________________



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

ii.

(12 mharc)

**B.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn an mhaoirseacht ná freagracht an duine le haire a thabhairt do gach cineál beatha. (Cuir tic ✓ sa bhosca ceart)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐ (8 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shampla den chaoi ina gcuirtear chun cinn aire a thabhairt do gach cineál beatha tríd an teagasc de mhór-reiligiún domhanda.

i.

ii.

(12 mharc)